# CINNTÍ

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/995 ÓN gCOIMISIÚN

**an 18 Meitheamh 2021**

**lena gcinntear an dáta óna mbeidh feidhm ag Cinneadh (AE) 2017/1908 ón gComhairle maidir le forálacha áirithe *acquis* Schengen a bhaineann leis an gCóras Faisnéise Víosaí i bPoblacht na Bulgáire agus sa Rómáin**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2017/1908 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 maidir le forálacha áirithe *acquis* Schengen a bhaineann leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) i bPoblacht na Bulgáire agus sa Rómáin ([1]), agus go háirithe Airteagal 2, an dara mír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Chinneadh (AE) 2017/1908, forálacha *acquis* Schengen a bhaineann leis an gCóras Faisnéise Víosaí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin, beidh feidhm ag na forálacha sin maidir leis an mBulgáir agus leis an Rómáin, tar éis don Ghníomhaireacht Eorpach chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), don Bhulgáir agus don Rómáin na tástálacha cuimsitheacha uile a chur i gcrích go rathúil agus tar éis dóibh fógra a thabhairt don Choimisiún ina leith sin.

(2) Beidh feidhm ag Cinneadh (AE) 2017/1908 ó dháta, atá le cinneadh ag an gCoimisiún, tráth a thabharfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin fógra don Choimisiún gur cuireadh na tástálacha cuimsitheacha i gcrích go rathúil.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 1(1) de Chinneadh (AE) 2017/1908, d'fhíoraigh eu-LISA go bhfuil córais náisiúnta VIS na Bulgáire agus na Rómáine réidh lena gcomhtháthú sa Chóras Faisnéise Víosaí ón taobh teicniúil de.

(4) I litir dar dáta an 15 Nollaig 2020, thug an Rómáin fógra don Choimisiún go bhfuil na tástálacha cuimsitheacha dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Chinneadh (AE) 2017/1908, maidir leis na forálacha a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin, curtha i gcrích go rathúil.

(5) I litir dar dáta an 19 Eanáir 2021, thug an Bhulgáir fógra don Choimisiún go bhfuil na tástálacha cuimsitheacha dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Chinneadh (AE) 2017/1908, maidir leis na forálacha a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin, curtha i gcrích go rathúil.

(6) Dá bhrí sin, tar éis don Bhulgáir agus don Rómáin na socruithe teicniúla is gá a chur i gcrích agus fógra cuí a thabhairt don Choimisiún ina leith, ba cheart an dáta a chinneadh óna mbeidh feidhm ag Cinneadh (AE) 2017/1908.

(7) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ([2]) ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointí B agus G, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ([3]).

(8) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ([4]) ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointí B agus G, de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ([5]).

([1]) IO L 269, 19.10.2017, lch. 39.
([2]) IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.
([3]) Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).
([4]) IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.
([5]) Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).

(9) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ([6]) ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointí B agus G, de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle ([7]),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Beidh feidhm ag Cinneadh (AE) 2017/1908 ón 25 Iúil 2021.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Meitheamh 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([6]) IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

([7]) Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).